**Subject:** Lá 1 CCB

Oide — Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí — Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

A Cheannaire scoile a chara,

Táimid ag dúil le bualadh leat féin agus le d'fhoireann teagaisc don chéad cheann de dhá lá foghlama gairmiúla maidir le Creatchuraclam na Bunscoile (CCB) idir seo agus deireadh na scoilbhliana seo. Beidh an chéad lá ar siúl an téarma seo agus an dara lá i dtéarma a trí 2025/2026. Is laethanta dúnadh scoile iad beirt, chuir Clárúchán Oide na sonraí in iúl i Meitheamh 2025.

**Cad é a phléifear le linn Lá 1, CCB?**
Mar a leagtar amach i gCiorclán 67/2025, beidh tabhairt isteach churaclam athfhorbartha na bunscoile ina próiseas céimneach dea-thacaithe a mhairfidh 6 bliana ar a laghad. Is bliain tosaigh í 2025/2026 ag díriú ar CCB. Mar chuid de Lá 1, CCB.

Mar chuid de Lá 1, CCB, "An Mór-Phictiúr", beidh deiseanna ann chun tógáil ar eolas agus cleachtas atá ann cheana chomh maith le ról, aidhm agus tábhacht CCB a fhiosrú. Fiosrófar an tábhacht agus an tionchar atá ag comhthéacs scoile maidir le cur i bhfeidhm an churaclaim. Cuirfear am agus spás don mhachnamh, don chomhoibriú agus don chomhrá ar fáil chun cuidiú le tuiscint chomhroinnte a fhorbairt ar an bhfís don churaclam athfhorbartha agus ar na hocht bprionsabal foghlama, teagaisc agus measúnaithe. Bíonn an-chomhairliúchán le múinteoirí, le ceannairí scoile, le Roinn an Oideachais agus Óige/ leis an gCigireacht, le CNCM agus le CNOS mar chuid de dhearadh na n-eispéireas foghlama gairmiúla seo.

**Cad é mar is féidir le scoil ullmhú do Lá 1, CCB?**
Chun ullmhú dó Lá 1, CCB, moltar do scoileanna an méid seo a leanas a chur in iúl do mhúinteoirí:

- Beidh Lá 1, CCB, ag díriú ar 'an mór-phictiúr' den churaclam athfhorbartha agus fiosrófar an fhís agus na prionsabail den fhoghlaim, den teagasc agus den mheasúnú sula bpléifear na sonraí a bhaineann le réimse ar leith den churaclam a bheidh mar fhócas ag laethanta foghlama gairmiúla eile i 2026/2027.

- Ní dhíreofar ar aon réimse ar leith den churaclam mar chuid de Lá 1, CCB, ina ionad sin, díreofar ar an doiciméid CCB atá ar fáil anseo, mar aon le háiseanna eile atá ar fáil anseo.
- Mar chuid den lá, cuirfear am ar fáil chun plé a dhéanamh ar chomhthéacs do scoile maidir le fís CCB agus na prionsabail foghlama, teagaisc agus measúnaithe.
- Is táirgiúla a bheidh an lá má ghlacann gach ball foirne páirt go gníomhach, le ham don mhachnamh aonair chomh maith le comhrá beirte, grúpa agus seomra uile.

Beidh an Ceannaire Foghlama Gairmiúla (CFG) Oide agus an t-ionad oideachais a tugadh do do lá dúnadh don fhoghlaim ghairmiúil i dteagmháil leat roimh an dáta do lá dúnadh do scoile.

I gceangal leis seo gheobhaidh tú doiciméid de cheisteanna coitianta chomh maith le doiciméid tacaíochta maidir le téarmaíocht an churaclaim athfhorbartha mar eolas duit.

Tá Oide ag dúil le bheith ag obair leat féin agus le d’fhoireann teagaisc ar an lá.

Le gach dea-ghuí,

Oide